Oide

Snas glas

Is uirlis mhargaíochta é glasghlanadh. Is bealach é chun táirgí a dhéanamh níos tarraingtí do chustaiméirí a bhfuil imní orthu faoin gcomhshaol.
Nuair a dhéanann gnólachtaí rudaí atá ag déanamh dochair don chomhshaol agus iad ag maíomh ag an am céanna gur miste leo an t-athrú aeráide, tugtar 'snas glas' nó glasghlanadh air sin.

- Nuair a tharlaíonn glasghlanadh mar sin, ceannóidh tomhaltóir táirge ag smaoineamh go bhfuil siad ag déanamh rud éigin dearfach don chomhshaol nuair is míthuiscint atá ann i ndáiríre.
- I gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé dochar níos mó a dhéanamh don chomhshaol, gan an pobal a bheith ar an eolas faoi.
- Uaireanta is féidir é seo a dhéanamh go neamhbheartaithe nó de thimpiste - d'fhéadfadh an gnó a bheith ag díriú ar cheist amháin ach gan féachaint ar an bpictiúr mór agus an dochar a mheá a d'fhéadfadh sé a bheith ag déanamh don chomhshaol ag an am céanna.
- Ach uaireanta is féidir leis a bheith d'aon ghnó – ag tabhairt le fios tríd an bhfógraíocht nó trí ainm an táirge go mbíonn siad ag cabhrú leis an gcomhshaol cé nach mbíonn agus is féidir leis sin ar a sheal drochiontaoibh a chruthú i leith gnó.
- Ní mór do ghnólachtaí móra a bheith trédhearcach maidir le tionchar ar an gcomhshaol agus lena n-iarrachtaí leanúnacha a bheith níos fearr. Ní mór dóibh a lorg carbóin, a n-úsáid fuinnimh agus a modhanna laghdaithe dramhaíola a roinnt, agus iad ag léiriú idir rath agus réimsí a dteastaíonn aird agus feabhsú uathu. Cothaíonn cur chuige oscailte ionraic mar sin muinín le tomhaltóirí a bhfuil meas acu ar ghealltanais gnólachtaí maidir le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe.

Sampla: Cáineadh feachtas "Bailiúchán Comhfhiosach" H&M as díriú ar chuid bheag dá líne táirgí nuair a theip orthu aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchar suntasach comhshaoil phróisis déantúsaíochta agus shlabhra soláthair foriomlán an bhranda.

Tá sé tábhachtach do ghnólachtaí céimeanna fiúntacha ardtionchair a ghlacadh chun dul i ngleic leis an inbhuanaitheacht agus ní go díreach athruithe beaga ar leibhéal an dromchla. Tá sé tábhachtach go n-oibreodh gach gnólacht chun a lorg comhshaoil a laghdú go suntasach.

Foinsí:
- https://www.bbc.co.uk/newsround/58465027
- https://www.forbes.com/councils/forbestechcouncil/2024/12/10/navigating-greenwashing-a-practical-guide-for-brands/

CC BY NC